À toi!

Lámhleabhar don chluastuiscint agus don chur i láthair ó bhéal do scrúdú an Teastais Shóisearaigh

Françoise Lannéval Marcel
Donla uí Bhraonáin

Fuaim: Fiachna ó Braonáin

© Françoise Lannéval Marcel agus Donla uí Bhraonáin

Gabhaimid buíochas le Aifric ní Bhraonáin as an ngrianghraf ar an leathanach teidil.

Guthanna ar an bhfuaimrian: Bruno Marcel, Françoise Marcel, Patrick Marcel agus Sophie Marcel.

Maoinithe ag COGG
Baile Átha Cliath 2013

À TOI !

Réamhrá agus clár an ábhair

Áis is ea Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CTET) atá ar fáil do gach tír san Aontas Eorpach, cé nach bhfuil leagan Gaeilge de ar fáil fós. Áis é a dhéanann scála leibhéal a leagan amach do gach gníomh teanga. Tá impleachtaí tábhachtacha aige don chleachtas sa rang, d'ullmhú ceachtanna agus don mheasúnacht.

Mar chabhair don mhúinteoir, tugaimid sraith anseo de shleachta fuaime don chluastuiscint, de cháipéisí don mheasúnacht agus de chleachtaí don chur i láthair ó bhéal ar leibhéal A2 agus B1. Beidh tú in ann iad a úsáid do ranganna an Teastais Shóisearaigh, gnáthleibhéal (A2) agus ardleibhéal +(B1).

Tá dlúthbhaint idir an chluastuiscint agus an cur i láthair ó bhéal. Ón uair a aithníonn an dalta na fuaimeanna a chloiseann sé nó sí agus a bhfuil cleachtadh faighte aige nó aici ar aithris a dhéanamh orthu, beidh sé nó sí réidh don mheasúnacht sa chur i láthair ó bhéal. Beidh na gléasanna aige nó aici chun é nó í féin a chur in iúl.

In À Toi gheobhaidh tú tascanna agus/nó measúnachtaí don chur i láthair ó bhéal go leanúnach agus/nó go hidirghníomhach, mar aon le plean measúnaithe bunaithe ar chritéir a bheidh tú in ann a chur in oiriúint don rang. Tá leagan Gaeilge de na tascanna don chur i láthair ó bhéal, na nótaí cabhrach do na daltaí agus na moltaí don mhúinteoir i gcomhad ar leith is féidir leis an múinteoir a úsáid nuair a mheasann sé/sí go bhfuil gá leis. Tá na pleananna do thascanna 1 agus 2 líonta isteach. I dtaca leis na cinn a leanann iad sin, is leor don mhúinteoir rúibricí 3, 4 agus 5 a líonadh isteach ag cur na gcuspóirí teanga ar a bhfuil sé/sí ag díriú agus ar a bhfuil sé/sí ag obair leis na daltaí san áireamh– cuspóirí fóineolaíochta, foclóra agus gramadaí.

Éilíonn obair na cluastuisceana an-díriú aigne ó dhaltaí meánacha nó laga ach foghlaimíonn duine teanga trí éisteacht agus trí iarracht a dhéanamh an méid a deir na Frainciseoirí a athrá agus a athúsáid. Nuair a chloiseann dalta Frainciseoir ag caint ní thuigeann sé/sí gach rud láithreach. Is é an cleachtadh córasach ar an gcluastuiscint bharántúil, le sealanna ag éisteacht agus sealanna ag cur i láthair ó bhéal, a ligfidh don dalta dul chun cinn a dhéanamh.

Is leor eolas ar chóras fuaimeanna na Fraincise agus cleachtadh rialta chun a chur ar chumas an dalta a neamhspleáchas féin a chothú sa chluastuiscint agus sa chur i láthair ó bhéal.

I gcás an dalta, ní ionann abairt nó frása a thuiscint agus cumas anailíse nó tuairimíochta. Is ionann tuiscint agus fuaimeanna a aithint agus a bheith in ann a insint go cruinn, a bheag nó a mhór, céard a chuala sé/sí, gan an t-eolas a bhréagnú.

Nuair a airíonn an dalta na fuaimeanna bíonn sé/sí in ann iad a athrá tar éis roinnt oibre leis an múinteoir ach ní thuigeann sé/sí. Ní mór an rud a chloiseann sé/sí a mhíniú.

Ó thaobh an mhúinteora, mar sin, ní mór an chabhair chun an chluastuiscint a chur i gcrích a bhunú ar an taifead fuaime, ní ar an téacs scríofa. Tá sé riachtanach gnéithe sainiúla den Fhraincis labhartha a scrúdú: an phrosóid, is é sin an rithim, na siollaí, na *liaisons*, an tuin chainte – na nithe a 'iompraíonn' an míniú. Sa téacs scríofa, bíonn na focail leagtha i ndiaidh a chéile gan aon idirdhealú prosóideach.

Tá muid ag moladh duit obair a dhéanamh le do chuid daltaí ar **chomhaid fuaime suíomhúla,** a cruthaíodh go sainiúil do Ghaeilgeoirí a labhraíonn Béarla freisin, agus aird againn ar churaclam an Teastais Shóisearaigh agus ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha.

Tá na comhaid fuaime seo bunaithe ar dhialóga a tharlaíonn in áiteanna áirithe agus ar ócáidí áirithe agus a léiríonn gnéithe den saol laethúil sa Fhrainc agus na nithe is spéis le déagóirí. Tá leibhéal na teanga bunaithe ar réim cainte reatha, ar chaint spontáineach laethúil ach gan é a bheith míchúramach. Cé go gcloistear « on » uaireanta in À Toi in ionad « nous », ní fhágtar ar lár riamh an « ne » diúltach. Sa réim cainte céanna atá an t-aistriúchán Gaeilge. Tá leibhéal agus fad éagsúil sna cluastuiscintí agus tá measúnacht agus scéim mharcála ag dul le gach ceann . Is féidir an mheasúnacht a dhéanamh i scríbhinn sa rang agus marcanna a thabhairt nó is féidir í a úsáid ó bhéal mar chleachtadh le linn an cheachta.

Cé gur cluastuiscint atá i gceist iontu, roghnaíomar aistriúchán iomlán Gaeilge a sholáthar don chéad dá cheacht, chun misneach a thabhairt do na daltaí sula sroicheann siad na ceachtanna 'lán-Fhraincise' níos déanaí.

Moltaí maidir le hábhar cluastuisceana a úsáid
*An chéad chéim

Tabhair treoir maidir le hobair tuisceana ginearálta tar éis **an chéad éisteacht**
Tabhair faoi deara :

- Cé atá ag caint ?
- Cé mhéad duine ?
- Cén gaol atá eatarthu - gaol clainne, cairdis, údaráis ?
- Cá bhfuil na daoine (fuaimeanna sa chúlra) ?
- Céard atá na daoine a chur in iúl? fearg, iontas….. ?
- An bhfuil caint ar chomhairle, ar dhualgais atá le déanamh… ?

Chun cabhrú le daltaí a bhfuil deacrachtaí acu, d'fhéadfadh an múinteoir tábla a dhéanamh bunaithe ar na nithe thuasluaite atá le tabhairt faoi deara – rud a thabharfaidh treoir dóibh agus iad ag éisteacht. Tabharfaidh sé sin pointí tagartha dóibh siúd a bhfuil gá acu leo agus tabharfaidh sé misneach dóibh. Beidh an múinteoir ag cleachtadh oideolaíocht dhifreálaithe, rud atá ag éirí níos riachtanaí i ranganna measctha.

*An dara céim

Obair chluastuisceana níos mionsonraithe agus níos cruinne tar éis an dara nó an tríú éisteacht. Is rogha d'aon ghnó ag an múinteoir é an éisteacht bhriste seo. Dul tríd an ábhar, tráinse ar thráinse, ag déanamh seal éisteachta agus seal den chur i láthair ó bhéal, ceann ar cheann.

Páirtmheasúnachtaí ó bhéal a dhéanamh, tuairimíocht faoin gciall, an tréimhse cur i láthair ó bhéal a bhainistiú, dul siar go gairid ar mhaithe lena chinntiú go dtuigeann na daltaí go léir. Tugann sin an deis an dalta atá ag dul amú a chur ar an treo ceart agus an dalta maith a mholadh. An té atá gníomhach, ní éireoidh sé/sí dóite den ábhar agus ní chuirfear am amú.

*An tríú céim

Iarraidh orthu ag deireadh an tseisiúin achoimre a dhéanamh ar an méid a chuala siad.

Mar chabhair bhreise leis an obair chluastuisceana agus cuir i láthair ó bhéal, tá deis agaibh anseo obair thaighde ar an Idirlíon a dhéanamh (Loirg Ghréasáin) a mbeidh bhur ndaltaí in ann iad a chur i láthair ó bhéal don rang.

Tá leagan Gaeilge de na Loirg Ghréasáin i gcomhad ar leith is féidir leis an múinteoir a úsáid nuair a mheasfaidh sé/sí go bhfuil gá leis sin.

Clár an ábhair

CLUASTUISCINT AGUS CUR I LÁTHAIR Ó BHÉAL

1. Comhrá a thuiscint idir déagóirí atá ag cur aithne ar a chéile agus ag labhairt faoina muintir
2. Comhrá a thuiscint idir déagóirí atá ag cur aithne ar a chéile agus ag labhairt faoi spóirt agus faoin gcaitheamh aimsire is fearr leo

+bileog mheasúnachta is féidir a líonadh i scríbhinn sa rang agus marcanna a thabhairt ina leith nó is féidir a úsáid ó bhéal mar chleachtadh le linn an cheachta.

+tascanna 1 don chur i láthair ó bhéal agus pleananna marcála atá líonta isteach

1. Comprendre des adolescents qui font connaissance et parlent de leurs familles
2. Comprendre des conversations d'adolescents qui font connaissance et parlent de leurs sports et passe temps préférés

+fiche d'évaluation qui peut se faire en classe entière à l'écrit et être notée ou bien utilisée en entrainement à l'oral pendant le cours

+ tâches de production orale n°1 et grilles d'évaluation renseignées

3. Daoine a thuiscint atá ag ordú bia i mbialann
4. Daoine a thuiscint atá ag comhrá faoi shaol sláintiúil cothrom

+bileog mheasúnachta is féidir a líonadh i scríbhinn sa rang agus marcanna a thabhairt ina leith nó is féidir a úsáid ó bhéal mar chleachtadh le linn an cheachta

+tascanna 2 don chur i láthair ó bhéal agus pleananna marcála atá líonta isteach

3. Comprendre des personnes qui passent commande dans un restaurant
4. Comprendre des personnes qui parlent de vie saine et équilibrée

+fiche d'évaluation qui peut se faire en classe entière à l'écrit et être notée ou bien utilisée en entrainement à l'oral pendant le cours

+ tâches de production orale n°2 et grilles d'évaluation renseignées

5. Daoine a thuiscint atá ag fiafraí agus ag míniú cá bhfuil áit ar leith
5. Comprendre des personnes qui demandent et qui expliquent où se trouve un endroit précis

6. Fógraí agus oibriú na gcóras iompair TGV/Métro/Busanna a thuiscint
+bileog mheasúnachta is féidir a líonadh i scríbhinn sa rang agus marcanna a thabhairt ina leith nó is féidir a úsáid ó bhéal mar chleachtadh le linn an cheachta
+tasc 3 don chur i láthair ó bhéal agus plean marcála atá le líonadh isteach

6. Comprendre les indications et le fonctionnement des transports
TGV/métro /autobus
+fiche d'évaluation qui peut se faire en classe entière à l'écrit et être notée ou bien utilisée en entrainement à l'oral pendant le cours
+ tâche de production orale n°3 avec grille d'évaluation à compléter

7. Comhrá a thuiscint idir ceannaitheoir agus díoltóir
   a. i siopa spóirt
   b. i siopa teileafón
   c. i siopaí bia
   d. árasán a lorg ar an Idirlíon agus labhairt leis an díoltóir

+bileog mheasúnachta is féidir a líonadh i scríbhinn sa rang agus marcanna a thabhairt ina leith nó is féidir a úsáid ó bhéal mar chleachtadh le linn an cheachta
+tasc 4 don chur i láthair ó bhéal agus plean marcála atá le líonadh isteach

7. Comprendre une conversation entre un acheteur et un vendeur
   a. dans un magasin de sports
   b. une boutique de téléphonie
   c. des magasins d'alimentation
   d. chercher un appartement sur internet et parler avec le vendeur

+fiche d'évaluation qui peut se faire en classe entière à l'écrit et être notée ou bien utilisée en entrainement à l'oral pendant le cours
+ tâche de production orale n°4 avec grille d'évaluation à compléter

8. Imeachtaí sa rang a thuiscint
   a. fadhb a mhíniú/leithscéal a ghabháil
   b. labhairt faoin todhchaí le comhairleoir gairmthreorach

+bileog mheasúnachta is féidir a líonadh i scríbhinn sa rang agus marcanna a thabhairt ina leith nó is féidir a úsáid ó bhéal mar chleachtadh le linn an cheachta
+tascanna 5 don chur i láthair ó bhéal agus pleananna marcála atá le líonadh isteach

8. Comprendre des situations de vie de classe
   a. expliquer un problème /s'excuser
   b. parler de son avenir avec le conseiller d'orientation

+fiche d'évaluation qui peut se faire en classe entière à l'écrit et être notée ou bien utilisée en entrainement à l'oral pendant le cours
+ tâches de production orale n°5 avec grille d'évaluation à compléter

9. Comhrá a thuiscint idir déagóirí atá ag eagrú chun dul amach
Áit cruinnithe a shocrú, leithscéal a ghabháil, greann a dhéanamh
+bileog mheasúnachta is féidir a líonadh i scríbhinn sa rang agus marcanna a thabhairt ina leith nó is féidir a úsáid ó bhéal mar chleachtadh le linn an cheachta
+tascanna 6 don chur i láthair ó bhéal agus pleananna marcála atá le líonadh isteach

9. Comprendre des adolescents qui organisent une sortie
Fixer un rendez vous, s'excuser, faire une plaisanterie
+fiche d'évaluation qui peut se faire en classe entière à l'écrit et être notée ou bien utilisée en entrainement à l'oral pendant le cours
+ tâches de production orale n°6 avec grilles d'évaluation à compléter

10. Comhrá a thuiscint idir déagóirí agus daoine fásta a chuireann na nithe seo in iúl
   a. gearáin chairdiúla
   b. cáineadh ar bhealach dearfach
   c. cáineadh ar bhealach diúltach, ciapadh

+bileog mheasúnachta is féidir a líonadh i scríbhinn sa rang agus marcanna a thabhairt ina leith nó is féidir a úsáid ó bhéal mar chleachtadh le linn an cheachta
+tascanna 7 don chur i láthair ó bhéal agus pleananna marcála atá le líonadh isteach

10. Comprendre des adolescents et adultes qui expriment
   a. des reproches amicaux
   b. des critiques positives
   c. des critiques négatives , de la souffrance

+fiche d'évaluation qui peut se faire en classe entière à l'écrit et être notée ou bien utilisée en entrainement à l'oral pendant le cours
+ tâches de production orale n°7 avec grilles d'évaluation à compléter

11. Comhrá a thuiscint idir tuismitheoirí agus déagóirí a chuireann in iúl go bhfuil siad míshásta, go bhfuil cúis ghearáin acu agus go bhfuil aiféala orthu
+bileog mheasúnachta is féidir a líonadh i scríbhinn sa rang agus marcanna a thabhairt ina leith nó is féidir a úsáid ó bhéal mar chleachtadh le linn an cheachta
+tascanna 8 don chur i láthair ó bhéal agus pleananna marcála atá le líonadh isteach

11. Comprendre des parents et des adolescents qui expriment leur irritation, leurs reproches et leurs regrets
+fiche d'évaluation qui peut se faire en classe entière à l'écrit et être notée ou bien utilisée en entrainement à l'oral pendant le cours
+ tâches de production orale n°8 avec grilles d'évaluation à compléter

LOIRG GHRÉASÁIN
Lorg gréasáin 1 – Cuairt ar Giverny
Lorg gréasáin 2 – Cluiche rugbaí in Montpellier
Lorg gréasáin 3 – Cluiche leadóige in Bordeaux
Lorg gréasáin 4 – Cúrsa cócaireachta i bPáras
Lorg gréasáin 5 – Taighde ar 3 cháis Fhrancacha
Lorg gréasáin 6 – Turas chuig Féile Phan-Cheilteach Lorient
Lorg gréasáin 7 – Seachtain iascaireachta sa Bhriotáin
Lorg gréasáin 8 – Dráma in Versailles

WEBQUESTS
Webquest 1 – Une visite à Giverny
Webquest 2 – Un match de rugby à Montpellier
Webquest 3 – Un match de tennis à Bordeaux
Webquest 4 – Un cours de cuisine à Paris
Webquest 5 – Une découverte de trois fromages français
Webquest 6 – Un voyage au festival de musique celtique de Lorient
Webquest 7 – Une semaine de pêche en Bretagne
Webquest 8 – Une pièce de théâtre à Versailles